



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2020
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0348(NLE)

13864/20
ADD 1

VISA 136
COAFR 367
MIGR 172

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	9 Nollaig 2020
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2020) 783 final IARSCRÍBHINN
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas Eorpach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad
COM(2020) 783 final IARSCRÍBHINN.

Faoi iamh: COM(2020) 783 final IARSCRÍBHINN



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.12.2020
COM(2020) 783 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint na víosaí le saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus le saoránaigh den Aontas Eorpach

AN COMHAONTÚ

idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena leasaítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint víosaí gearrfhanachta chuig saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus chuig saoránaigh den Aontas Eorpach

AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta, de pháirt,

agus

POBLACHT CABO VERDE, dá ngairtear ‘Cabo Verde’, anseo feasta, den pháirt eile,

dá ngairtear ‘na Páirtithe’ anseo feasta,

AG MEABHRÚ DÓIBH Comhaontú Comhpháirtíochta Cotonou idir na Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, comhaontú a síníodh in Cotonou an 23 Meitheamh 2000, a leasaíodh an 25 Meitheamh 2005, agus a ndearnadh athbhreithniú air an 22 Meitheamh 2010, mar aon leis an gComhpháirtíocht Speisialta idir an tAontas agus Cabo Verde, comhpháirtíocht arna formheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh an 19 Samhain 2007,

AG FÉACHAINT don Dearbhú Comhpháirteach an 5 Meitheamh 2008 maidir le Comhpháirtíocht Soghluaisteachta idir an tAontas agus Cabo Verde, comhpháirtíocht a bhfuil na Páirtithe le céimeanna a ghlacadh i gcomhréir léi maidir le saincheisteanna a bhaineann le víosaí gearrfhanachta, d’fhonn soghluaisteacht catagóirí áirithe daoine a éascú,

AG FÉACHAINT don chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le héascú a dhéanamh ar eisiúint víosaí gearrfhanachta chuig saoránaigh Phoblacht Cabo Verde agus chuig saoránaigh den Aontas¹, comhaontú a tháinig i bhfeidhm an 1 Nollaig 2014,

AG FÉACHAINT don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde maidir le daoine a chónaíonn gan údarú a athliger isteach², comhaontú a tháinig i bhfeidhm an 1 Nollaig 2014,

Á AITHINT DÓIBH go bhfuil díolúine ann ón 2 Eanáir 2019, díolúine ag saoránaigh den Aontas ón gceanglas maidir le víosa a bheith acu agus iad ag taisteal chuig Cabo Verde ar feadh tréimhse nach faide ná 30 lá³,

Á AITHINT DÓIBH sa chás ina gcuireann Cabo Verde ceanglais víosaí i bhfeidhm arís maidir le saoránaigh nó catagóirí áirithe saoránach den Aontas maidir le tréimhsí fanachta atá beartaithe le haghaidh tréimhse nach faide ná 30 lá, gur cheart feidhm a bheith láithreach ag ar a laghad na héascuithe céanna a dheonaítear do shaoránaigh Cabo Verde faoin gComhaontú seo, maidir leis na saoránaigh den Aontas lena mbaineann, agus is rud ar bhonn cómhálartach a bheidh ann,

¹ Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 282, 24.10.2013, Ich. 3.

² Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 282, 24.10.2013, Ich. 15.

³ Feasachán Oifigiúil Phoblacht Cabo Verde I.54, 13.8.2018, Ich. 1350.

AGUS teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1155 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 á chur san áireamh, rialachán lena leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 faoinar bunaíodh Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí)⁴,

ÓS MIAN LEO teagmháil a chur chun cinn idir muintir an Aontais agus muintir Cabo Verde mar ghné thábhachtach a áiritheoidh forbairt leanúnach an chaidrimh eacnamaíoch, chultúrtha, eolaíoch eatarthu mar aon le caidreamh i réimsí eile, trí éascú a dhéanamh ar eisiúint víosaí lena saoránaigh, ar bhonn cómhalartach,

ÓS AMHLAIDH A AITHNÍTEAR nár cheart go spreagfaí imirce neamhdhleathach mar gheall air sin, agus aird ar leith á tabhairt acu ar an tslándáil agus ar an athligean isteach,

AGUS an Prótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i leith réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais á chur san áireamh, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus á dhearbhu dóibh nach bhfuil feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe seo maidir le hÉirinn,

AGUS an Prótacal maidir le seasamh na Danmhairge á chur san áireamh, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus á dhearbhu dóibh nach bhfuil feidhm ag forálacha an Chomhaontaithe seo maidir leis an Danmhairg,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Leasaítear an Comhaontú mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Cabo Verde lena ndéantar éascú ar eisiúint víosaí gearrfhanachta’.

(2) Cuirtear ‘Cabo Verde’ in ionad gach tagartha do ‘Cape Verde’ i dtéacs an Chomhaontaithe.

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

‘Airteagal 2

Clásal ginearálta

1. Na bearta lena ndéantar éascú ar eisiúint na víosaí, faoi mar a leagtar amach sa Chomhaontú seo, beidh feidhm acu maidir le saoránaigh Cabo Verde agus saoránaigh den Aontas a mhéid agus nach bhfuil díolúine ag na saoránaigh sin ó cheanglais víosaí faoi dhlíthe agus faoi rialacháin an Aontais nó a Bhallstáit, faoi dhlíthe agus rialacháin Cabo Verde, sin nó faoin gComhaontú reatha nó faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta eile.
2. Má chuireann Cabo Verde an ceanglas víosa i bhfeidhm arís le haghaidh saoránaigh den Aontas nó le haghaidh catagóirí áirithe saoránach den Aontas maidir le tréimhsí fanachta atá beartaithe le haghaidh tréimhsí nach faide ná 30 lá, beidh feidhm láithreach ag ar a laghad

⁴ Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 188, 12.7.2019, lch. 25.

na héascuithe céanna a dheonaítear do shaoránaigh Cabo Verde faoin gComhaontú seo, maidir le saoránaigh den Aontas lena mbaineann, agus is rud ar bhonn cómhalartach a bheidh ann.

3. Maidir le tréimhsí fanachta atá beartaithe le haghaidh tréimhse is faide ná 30 lá ach nach faide ná 90 lá, beidh feidhm ag ar a laghad na héascuithe céanna a dheonaítear do shaoránaigh Cabo Verde faoin gComhaontú seo, maidir leis na saoránaigh den Aontas lena mbaineann.
4. Beidh feidhm ag dlí náisiúnta Cabo Verde agus dlí náisiúnta na mBallstát nó dlí an Aontais maidir le saincheisteanna nach gcumhdaítear faoin gComhaontú seo.'

(4) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Ciallaíonn 'Ballstát' aon Bhallstát den Aontas seachas an Ríocht Aontaithe, Ríocht na Danmhairge agus Éire;'

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) Ciallaíonn 'cónaitheoir dlítheanach' aon saoránach de Cabo Verde atá údaraithe nó atá i dteideal fanacht ar feadh tréimhse is faide ná 90 lá ar chríoch Ballstáit ar bhonn an dlí náisiúnta nó dhlí an Aontais;'

(c) Cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(f) Ciallaíonn '*laissez-passer* an Aontais' an doiciméad a eisíonn an tAontas chuig seirbhísigh institiúidí an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1417/2013 ón gComhairle⁵.'

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'Airteagal 4

Eisiúint víosaí il-iontrála

1. Déanfaidh misin taidhleoireachta agus poist chonsalachta de chuid na mBallstát víosaí il-iontrála a mbeidh bailíocht 5 bliana leo a eisiúint leis na catagóirí de shaoránaigh Cabo Verde seo a leanas:
 - (a) comhaltaí de rialtais nó de pharlaimintí náisiúnta nó áitiúla, cúirteanna bunreachtúla, cúirteanna uachtaracha nó cúirteanna iniúchóirí, mura bhfuil díolúine acu ó cheanglais víosaí faoin gComhaontú seo, fad atá a gcuid dualgas á ndéanamh acu;
 - (b) comhaltaí buana de thoscaireachtaí oifigiúla atá ag taisteal chuig Ballstát, tar éis cuireadh oifigiúil a chur chuig Cabo Verde chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe, comhairliúcháin, caibidlíocht, cláir mhalartaithe nó ócáidí a eagraíonn eagraíochtaí idir-rialtasacha dá ndeoin féin;
 - (c) lucht gnó agus ionadaithe thar ceann cuideachtaí a théann chuig na Ballstáit go rialta;

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1417/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos foirm an *laissez-passer* a eisíonn an tAontas Eorpach (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 353, 28.12.2013, lch. 26).

(d) céilí, leanaí (lena n-áirítear leanaí uchtaíthe) atá faoi bhun 21 bhliain d’aois nó leanaí atá i gcleithiúnas, agus tuismitheoirí de chuid shaoránaigh Cabo Verde a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil ar chríoch Ballstáit; nó de chuid saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát a náisiúntachta féin.

Mar sin féin, más léir go bhfuil an gá chun taisteal a dhéanamh go rialta nó go minic, go bhfuil an gá sin teoranta go soiléir do thréimhse níos giorra, beidh tréimhse bhailíochta na víosa il-iontrála teoranta don tréimhse sin, go háirithe i gcás ina mbeidh aon cheann de na tréimhsí seo a leanas níos giorra ná 5 bliana:

- téarma oifige, i gcás na ndaoine atá cumhdaithe faoi phointe (a) thuas;
- téarma oifige de chuid comhalta bhuaín de thoscaireacht oifigiúil, i gcás na ndaoine atá cumhdaithe faoi phointe (b) thuas;
- an tréimhse a mhaireann na poist atá ag lucht gnó agus ionadaithe cuideachtaí, i gcás na ndaoine atá cumhdaithe faoi phointe (c) thuas; nó
- tréimhse bhailíochta na gceadanna cónaithe a eisítear chuig saoránaigh Cabo Verde a bhfuil cónaí orthu ar chríoch Ballstáit, i gcás na ndaoine atá cumhdaithe faoin gcéad chuid de phointe (d) thuas.

2. Gan dochar do mhír 1, déanfaidh misin toscaireachta agus poist chonsalachta de chuid na mBallstát víosaí il-iontrála a eisiúint le hiarratasóirí eile agus beidh na tréimhsí bailíochta seo a leanas leis na víosaí sin:

- (a) 1 bhliain amháin, ar choinníoll go bhfuair an t-iarratasóir víosa amháin le linn na 18 mí go nuige seo agus gur bhain sé úsáid as an víosaí sin go dleathach;
- (b) 2 bhliain, ar choinníoll go bhfuair an t-iarratasóir víosa il-iontrála amháin a bhí bailí ar feadh 1 bhliain amháin le linn na 30 mí go nuige seo agus gur bhain sé úsáid as an víosa sin go dleathach;
- (c) 3 bliana go 5 bliana, ar choinníoll go bhfuair an t-iarratasóir víosa il-iontrála amháin a bhí bailí ar feadh 2 bhliain le linn an 42 mhí go nuige seo agus gur bhain sé úsáid as an víosa sin go dleathach.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfar tréimhse bhailíochta na víosa a ghiorrú i gcásanna ar leith ina bhfuil amhras réasúnta ann nach gcomhlíonfar na coinníollacha iontrála le linn na tréimhse uile nó i gcás ina rachadh tréimhse bhailíochta na víosa thar thréimhse bhailíochta dhoiciméad taistil an iarratasóra.

4. Na daoine dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ní fhanfaidh siad ar chríoch na mBallstát ar feadh tréimhse is faide ná 90 lá i rith tréimhse 180 lá.’

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

'Airteagal 5

Táillí víosaí agus muirir sheirbhíse

1. 75% den mhéid atá le gearradh i gcomhréir leis an reachtaíocht intíre is infheidhme, sin é a bheidh sa táille le haghaidh phróiseáil na n-iarratas víosa.

Féadfar an céatadán sin a athbhreithniú i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 12(4).

2. Gan dochar do mhír 1, ní ghearrfaidh na Ballstáit táillí víosa ar na catagóirí daoine seo a leanas:

(a) comhaltaí i dtoscaireachtaí oifigiúla atá ag taisteal chuig Ballstát, tar éis cuireadh oifigiúil a chur chuig Cabo Verde, chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe, comhairliúcháin, caibidlíocht, cláir mhalartaithe nó ócáidí a eagraíonn eagraíochtaí idir-rialtasacha dá ndeoin féin;

(b) leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois;

(c) daltaí scoile, mic léinn, mic léinn iarchéime agus múinteoirí atá ag taisteal ar chúiseanna staidéir nó oideachais;

(d) taighdeoirí atá ag taisteal chun taighde eolaíoch a dhéanamh;

(e) rannpháirtithe atá 25 bliana d'aois nó níos lú agus iad ag glacadh páirt i seimineáir nó comhdhálacha, in ócáidí spóirt, cultúrtha nó oideachais atá eagraithe ag eagraíochtaí neamh-bhrabúsacha;

(f) céilí, leanaí (lena n-áirítear leanaí uchtaithe) atá faoi bhun 21 bhliain d'aois nó leanaí atá i gcleithiúnas, agus tuismitheoirí de chuid shaoránaigh Cabo Verde a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil ar chríoch Ballstáit; nó de chuid saoránach den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát a náisiúntachta féin.

3. Gan dochar do phointe (f) i mír 2, gearrfar 50% den táille is infheidhme faoi mhír 1 ar leanaí atá 12 bhliain d'aois ar a laghad ach atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.

4. I gcás ina bhfuil Ballstát ag obair le soláthraí seirbhíse seachtrach, féadfar muirear seirbhíse a ghearradh. Is comhréireach a bheidh an muirear seirbhíse sin leis na costais a thabhaíonn an soláthraí seirbhíse seachtrach le linn dó a bheith ag déanamh na dtascanna, agus ní rachaidh an muirear sin thar EUR 30.'

- (7) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'Airteagal 5a

Fianaise dhoiciméadach

1. Is leor na doiciméid seo a leanas chun cuspóir an turais a dheimhniú le haghaidh na gcatagóirí de shaoránaigh Cabo Verde seo a leanas:

(a) maidir le comhaltaí de rialtais nó de pharlaimintí náisiúnta nó áitiúla, cúirteanna bunreachtúla, cúirteanna uachtaracha nó cúirteanna iniúchóirí, mura bhfuil díolúine acu ó cheanglais víosaí faoin gComhaontú seo, fad atá a gcuid dualgas á ndéanamh acu:

- nóta briathra arna eisiúint ag Aireacht Gnóthaí Eachtracha Cabo Verde lena ndeimhnítear go bhfuil an t-iarratasóir páirteach i misean oifigiúil chuig Ballstát;

- (b) maidir le comhaltaí de thoscaireachtaí oifigiúla atá ag taisteal chuig Ballstát, tar éis cuireadh oifigiúil a chur chuig Cabo Verde, chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe, comhairliúcháin, caibidlíocht, cláir mhalartaithe nó ócáidí a eagraíonn eagraíochtaí idir-rialtasacha dá ndeoin féin:
- litir arna heisiúint ag údarás inniúil de chuid Cabo Verde lena ndeimhnítear gur comhalta de thoscaireacht dá chuid é an t-iarratasóir, an toscaireacht sin atá ag taisteal chuig críoch Ballstáit nó Ballstát chun páirt a ghlacadh sna hócáidí atá faoi chaibidil, mar aon le cóip den chuireadh oifigiúil nó den deimhniú clárúcháin arna eisiúint ag an eagraíocht óstach;
- (c) maidir le lucht ngnó agus ionadaithe thar ceann eagraíochtaí gnó:
- litir i scríbhinn arna heisiúint ag cuideachta nó eagraíocht atá lonnaithe sa Bhallstát cinn scríbe;
- (d) maidir le céilí, leanaí (lena n-áirítear leanaí uchtaithe) faoi bhun 21 bhliain d'aois nó leanaí atá i gcleithiúnas, agus tuismitheoirí de chuid shaoránaigh Cabo Verde a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil ar chríoch Ballstáit, nó saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát a náisiúntachta féin:
- cuireadh i scríbhinn ón duine óstach;
- (e) maidir le daltaí scoile, mic léinn, mic léinn iarchéime agus múinteoirí atá ag taisteal ar chúiseanna staidéir nó oideachais, lena n-áirítear cláir mhalartaithe ollscoile nó cláir mhalartaithe eile (le haghaidh tréimhsí fanachta nach faide ná 90 lá i rith tréimhse 180 lá):
- cuireadh i scríbhinn nó deimhniú clárúcháin arna eisiúint ag an scoil, coláiste nó ollscoil óstach, nó deimhnithe na gcúrsaí a bhfuiltear le freastal orthu;
- (f) maidir le daoine atá ag glacadh páirt i dtaighde eolaíoch nó acadúil nó in imeachtaí oiliúna, lena n-áirítear oiliúint ghairmiúil (le haghaidh tréimhsí fanachta nach faide ná 90 lá i rith tréimhse 180 lá):
- deimhniú clárúcháin arna eisiúint ag an institiúid oideachais nó iarratas i scríbhinn arna eisiúint ag an eagraíocht óstach;
- (g) maidir le rannpháirtithe i seimineáir, comhdhálacha, nó in ócáidí cultúrtha nó reiligiúnacha a eagraíonn eagraíochtaí neamh-bhrabúsacha atá cláraithe i mBallstát:
- cuireadh i scríbhinn ón eagraíocht óstach chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí;
- (h) maidir le daoine atá ag taisteal ar chúiseanna leighis agus na daoine ar gá dóibh imeacht in éineacht leo:
- doiciméad oifigiúil ó institiúid leighis lena ndeimhnítear an gá atá ann le cúram leighis a fháil san institiúid sin, agus fianaise go bhfuil an t-iarratasóir in acmhainn íoc as an gcúram leighis sin nó fianaise gur íocadh as an gcúram leighis roimh ré, agus más iomchuí, fianaise go bhfuil gá le duine chun teacht in éineacht leis an duine atá faoi chúram;
- (i) maidir le daoine atá ag glacadh páirt in ócáidí idirnáisiúnta spóirt agus na daoine atá ag teacht in éineacht leo i gcáil a ngairme:
- cuireadh i scríbhinn ón eagraíocht óstach nó ó údaráis inniúla, cónaidhmeanna spóirt náisiúnta nó coistí Oilimpeacha náisiúnta de chuid na mBallstát;
- (j) maidir le hiriseoirí agus foireann chúnata theicniúil atá ag taisteal leo i gcáil a ngairme:

- deimhniú nó doiciméad eile arna eisiúint ag eagraíocht ghairmiúil nó ag fostóir an iarratasóra lena ndeimhnítear gur iriseoir cáilithe é an t-iarratasóir atá ag taisteal chun obair iriseoireachta a dhéanamh nó gur ball den fhoireann theicniúil é atá ag taisteal in éineacht leis an iriseoir i gcáil a ghairme;
2. Chun críocha an Airteagail seo, áireofar sa litir chuiridh i scríbhinn nó sna doiciméid oifigiúla ábhartha, an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) maidir leis an duine ar tugadh cuireadh dó: ainm agus sloinne, dáta breithe, gnéas, saoránacht, uimhir phas, tréimhse agus cuspóir an turais, an líon iontrálacha is gá agus (más iomchuí) ainm an chéile agus ainmneacha na leanaí atá ag taisteal in éineacht leis an duine ar tugadh cuireadh dó; agus
 - (b) más duine nádúrtha an páirtí a thug an cuireadh: ainm, sloinne, seoladh an duine a thug an cuireadh agus (más iomchuí) fianaise i leith a chónaí dhlíthiúil i mBallstát i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta; nó
 - (c) más duine dlítheanach, cuideachta nó eagraíocht (lena n-áirítear eagraíocht neamhbhrabúsach) atá bunaithe ar chríoch Ballstáit nó na mBallstát an páirtí a thug an cuireadh: ainm agus seoladh iomlán an duine a thug an cuireadh, ainm agus post an ionadaí a shínigh an t-iarratas agus uimhir chlárúcháin an duine a thug an cuireadh de réir mar a cheanglaítear faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit atá i gceist; nó
 - (d) má d'éisigh údarás poiblí an doiciméad oifigiúil ábhartha: ainm agus post an duine a shínigh an t-iarratas, agus stádas an iarratasóra.
 3. Iarratasóirí a fuair víosa il-iontrála a raibh bailíocht leis nár lú ná 1 bhliain amháin agus a bhain úsáid as an víosa sin go dleathach le linn an 30 mí go nuige seo, beidh díolúine ag na hiarratasóirí sin, i bprionsabal, ón gceanglas maidir le doiciméid a chur isteach chun cruthúnas i leith fianaise lóistín a léiriú nó chun cruthúnas go bhfuil sé d'acmhainn acu íoc as an lóistín a léiriú.'

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'Airteagal 8

Pasanna taidhleoireachta agus pasanna seirbhíse

1. Saoránaigh Cabo Verde a bhfuil pasanna bailí taidhleoireachta nó seirbhíse acu, féadfaidh siad dul isteach ar chríocha na mBallstát nó iad a fhágáil nó taisteal tríothu, gan víosa a bheith acu.
2. Saoránaigh den Aontas a bhfuil pasanna bailí taidhleoireachta nó seirbhíse arna n-eisiúint ag Ballstát acu, agus sealbhóirí *laissez-passer* bailí an Aontais, féadfaidh siad dul isteach ar chríoch Cabo Verde nó í a fhágáil nó taisteal tríthi, gan víosa a bheith acu.
3. Na daoine dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ní fhanfaidh siad ar chríocha na mBallstát ná ar chríoch Cabo Verde faoi seach ar feadh tréimhse is faide ná 90 lá i rith tréimhse 180 lá.'

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10(1):

- '1. Bunóidh na Páirtithe Comhchoiste chun an Comhaontú a bhainistiú ('an Coiste'), agus is iad ionadaithe an Aontais agus Cabo Verde a bheidh sa choiste sin.'

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

'Airteagal 11

An caidreamh idir an Comhaontú seo agus na comhaontuithe idir na Ballstáit agus Cabo Verde

Ar theacht i bhfeidhm dó, beidh tosaíocht ag an gComhaontú seo thar fhorálacha d'aon chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach nó thar aon socrúithe arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit agus Cabo Verde, a mhéid a bhfuil tionchar ag forálacha na gcomhaontuithe nó na socrúithe sin ar raon feidhme an Chomhaontaithe seo nó a mhéid a n-athróidh siad é.'

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12(5):

'5. Is féidir le gach ceann de na Páirtithe cuid den Chomhaontú seo a chur ar fionraí nó é a chur ar fionraí ina iomláine. 48 n-uair ar a dhéanaí tar éis a theacht i bhfeidhm is ea a thabharfar fógra don Pháirtí eile maidir leis an bhfionraí. An Páirtí a chuir an Comhaontú seo ar fionraí, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas láithreach a thúisce a bheidh deireadh feidhme le cúiseanna na bhfionraí.'

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír den Phrótocal a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis na Ballstáit nach gcuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm go hiomlán:

I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 565/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, glacadh bearta comhchuibhithe chun simpliú a dhéanamh do shealbhóirí víosaí Schengen nó do shealbhóirí cheadanna cónaithe Schengen nuair atá siad ar idirthuras trí chríocha nó ag fanacht go gearrthéarmach ar chríocha na mBallstát nach bhfuil *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm acu ina iomláine go fóill. Faoi Chinneadh Uimh. 565/2014/AE, tugtar údarú don Bhulgáir, don Chróit, don Chipir agus don Rómáin aitheantas aontaobhach a thabhairt do na doiciméid seo a leanas mar dhoiciméid atá coibhéiseach lena víosaí náisiúnta, ní hamháin le haghaidh idirthurais trína gcríocha ach le haghaidh tréimhsí fanachta atá beartaithe chomh maith i gcomhair tréimhse nach faide ná 90 lá i rith tréimhse 180 lá:

- víosaí gearrphanachta aonfhoirmeacha atá bailí le haghaidh dhá iontráil nó níos mó;
- víosaí fadphanachta agus ceadanna cónaithe arna n-eisiúint ag Ballstáit atá ag cur *acquis* Schengen chun feidhme ina iomláine, lena n-áirítear víosaí a bhfuil bailíocht chríochach theoranta acu arna n-eisiúint i gcomhréir leis an gcéad abairt in Airteagal 25(3) den Chód Víosaí; agus
- víosaí náisiúnta agus ceadanna cónaithe arna n-eisiúint ag an mBulgáir, ag an gCróit, ag an gCipir agus ag an Rómáin.'

Airteagal 2

1. Beidh an Comhaontú seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhorghníthe i gcomhréir le nósanna imeachta na bPáirtithe féin agus déanfaidh na Páirtithe fógra a thabhairt dá chéile faoi chur i gcrích na nósanna imeachta is gá chun na críche sin.
2. An chéad lá den dara mí tar éis na míosa ina gcuirfear i gcrích an fógra deireanach dá bhforáiltear i mír 1, sin é an lá thioctha den Comhaontú seo i bhfeidhm.

⁶ Cinneadh Uimh. 565/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena dtugtar córas simplithe isteach le daoine a rialú ag na teorainneacha seachtracha, córas a bheidh bunaithe ar aitheantas aontaobhach a bheith á thabhairt ag an mBulgáir, ag an gCróit, ag an gCipir agus ag an Rómáin do dhoiciméid áirithe mar dhoiciméid atá coibhéiseach lena víosaí náisiúnta le haghaidh idirthurais trína gcríocha nó tréimhsí fanachta atá beartaithe ar a gcríocha le haghaidh tréimhse nach faide ná 90 lá i rith tréimhse 180 lá agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 895/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 582/2008/CE (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 157, 27.5.2014, lch. 23).

Airteagal 3

Tarraingeofar an Comhaontú seo suas i ndúblach sna teangacha seo a leanas: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris, agus beidh na téacsanna sin ar fad ar aon údarás le chéile.

Glacann na Páirtithe na Dearbhuithe Comhphárteacha seo a leanas agus cuirtear i gceangal leis an gComhaontú iad:

‘An Dearbhú Comhphárteach maidir leis na rialacha a bhaineann le víosaí Cabo Verde a dheonú do shaoránaigh den Aontas le haghaidh tréimhsí fanachta is faide ná 30 lá agus nach faide ná 90 lá

I gcomhréir le reachtaíocht Cabo Verde, tá díolúine ag saoránaigh den Aontas ón gceanglas víosa maidir le hiontrálacha agus tréimhsí fanachta ar chríoch Cabo Verde nach faide ná 30 lá. Le haghaidh tréimhsí fanachta atá beartaithe le haghaidh tréimhse is faide ná 30 lá, tá ceanglas orthu údarú a lorg agus údarú a fháil ó údaráis Cabo Verde. Faoi Dhlí uimh. 66/VIII/2014 de chuid Cabo Verde, arna leasú, féadfaidh saoránaigh den Aontas iarratas a dhéanamh ar víosa atá bailí ar feadh suas le 90 lá, agus é a fháil ag poist chonsalachta de chuid Cabo Verde nó féadfaidh siad iarratas a dhéanamh laistigh de chríoch Cabo Verde ar na húdaráis inniúla le síneadh ama a chur leis an bhfanacht.

Faoi Airteagal 2(3) den Chomhaontú, maidir le tréimhsí fanachta atá beartaithe le haghaidh tréimhse is faide ná 30 lá ach nach faide ná 90 lá, beidh feidhm ag ar a laghad na héascuithe céanna a dheonaítear do shaoránaigh Cabo Verde faoin gComhaontú seo, maidir leis na saoránaigh den Aontas lena mbaineann.

An Comhchoiste arna bhunú de bhun Airteagal 10, tuigeann na Páirtithe go ndéanfaidh an Comhchoiste sin faireachán ar chur chun feidhme na forála sin.’

‘An Dearbhú Comhphárteach maidir le hAirteagal 12(5) den Chomhaontú a bhaineann leis na forais ar a bhféadfaí an Comhaontú a chur ar fionraí

Féadfaidh gach Páirtí cuid den Chomhaontú a chur ar fionraí nó é a chur ar fionraí ina iomláine, agus go háirithe Airteagal 8 ar chúiseanna mar an t-ord poiblí, cosaint na slándála nó na sláinte náisiúnta, easpa comhar i réimse an athligin isteach nó cúiseanna a bhaineann le cearta an duine agus leis an daonlathas. Aon fhionraí den chineál sin, is i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 12(5) a chuirfear i bhfeidhm iad.

Má chuirtear cuid de na forálacha den Chomhaontú ar fionraí, nó má chuirtear iad uile ar fionraí, cuirfidh na Páirtithe tús le comhairliúcháin faoi chuimsiú an Choiste a bhunaítear faoi Airteagal 10 d’fhonn réiteach a fháil ar na fadhbanna ba chúis leis an bhfionraí.

Cuirtear an Dearbhú Comhphárteach seo in ionad an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le hAirteagal 8 a bhaineann le pasanna taidhleoireachta agus pasanna seirbhíse.’

‘An Dearbhú Comhphárteach maidir le comhar i réimse na ndoiciméad taistil

Agus é ag déanamh faireachán ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe, aontaíonn na Páirtithe gur cheart don Chomhchoiste, an Comhchoiste sin a bhunaítear faoi Airteagal 10, meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar atá ag leibhéal slándála na ndoiciméad taistil ar fheidhmiú an Chomhaontaithe. Chuige sin, aontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas a chur in iúl dá chéile go rialta:

- na bearta a glacadh chun iomadú na ndoiciméad taistil a sheachaint;
- na bearta a glacadh chun gnéithe teicniúla a bhaineann le slándáil na ndoiciméad taistil a fhorbairt; agus
- na bearta a glacadh maidir le pearsanú a dhéanamh ar phróiseas eisiúna na ndoiciméad taistil.

Is de thosaíochtaí an dá Pháirtí leibhéal ard slándála a áirithiú le haghaidh pasanna taidhleoireachta agus pasanna seirbhíse, go háirithe trí aitheantóirí bithmhéadracha a chomhtháthú. I gcás an Aontais, déanfar é sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin le haghaidh gnéithe slándála agus bithmhéadracha i bpassanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit. I gcás Cabo Verde, is i gcomhréir le Dlí-foraithne uimh. 21/2014 an 17 Márta 2014 a dhéanfar é, dlí lena mbunaítear na sonraíochtaí teicniúla, an tslándáil agus na coinníollacha eisiúna a bhaineann leis an bpass bithmhéadrach arna eisiúint ag Cabo Verde.

Cuirtear an Dearbhú Comhphárteach seo in ionad an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le comhar i réimse na ndoiciméad taistil.'